

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**  
**Department of Education and Skills**

**Meastóireacht Scoile Uile**  
**Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

**TUAIRISC**

**Scoil Náisiúnta Bhríde**  
**Mín a Chladaigh, Contae Dhún na nGall**

**Uimhir rolla: 17822N**

**Dáta na Cigireachta: 4 Feabhra 2015**



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S  
A N C H I G I R E A C H T

## Tuairisc ar Mheastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

### Réamhrá

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU – BCF) i Scoil Bhríde i mí Feabhra 2015. Tá an tuairisc seo bunaithe ar shampla de cheachtanna a breathnaíodh i raon de shuíomhanna foghlama sa scoil, caidreamh le daltaí agus athbhreithniú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le hionadaithe an bhoird agus na dtuismitheoirí, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de dhoiciméid scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Bunscoil Ghaeltachta chomhoideachais í seo le 27 dalta ar na rollaí. Tá an scoil rannpháirteach i gClár Tacaíochta Scoile faoi Scéim Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS). Tá sí rannpháirteach chomh maith i Scéim na gCúntoirí Teanga atá maoinithe ag an Roinn Ealaíon Oidhreacht agus Gaeltachta. Tagann formhór na ndaltaí chun na scoile le líofacht mhaith sa teanga. Tá tinreamh na ndaltaí sásúil.

Tá **láidreachtaí** ag an scoil sna gnéithe seo a leanas:

- Tá atmaisféar an-dearfach agus comhoibríteach le sonrú i measc pobal uile na scoile.
- Léiríodh comhpháirtíocht an-bhreá baile-scoile.
- Tá an bord bainistíochta ag feidhmiú go han-éifeachtach.
- Oibríonn an príomhoide go han-ghairmiúil agus léiríonn sí ceannasaíocht an-éifeachtach.
- Tá an teagasc agus an fhoghlaim ar ardchaighdeán go háirithe sa Ghaeilge, sa Mhatamaitic agus sa Dramaíocht.
- Tá ardchaighdeán ag baint le cáilíocht an tsoláthair tacaíochta.
- Saothraíonn foireann iomlán na scoile go dúthrachtach ar son leas na ndaltaí.
- Eagraítear na timpeallachtaí foghlama go han-spreagúil, tarraingteach. Baintear leas as réimse leathan áiseanna chun tacú le próiseas na foghlama agus an teagaisc.

Déantar **na príomh-mholtaí** seo a leanas:

- Moltar do na hoidí ranga an phleanáil don ionchur a thugann na cúntoirí teanga a rianú sa phleanáil scoile-uile don Ghaeilge chun soiléireacht a thabhairt maidir leis na spriocanna foghlama atá le sroíchint agus na scileanna atá le forbairt ag gach rang-leibhéal.

### Torthaí

#### 1. Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí

- Tá cáilíocht na foghlama agus gnóthachtáil na ndaltaí san iomlán ar ardchaighdeán. Sa litearthacht Ghaeilge ach go háirithe sroicheann mórchuid na ndaltaí caighdeán an-ard líofachta, léitheoireachta agus scríbhneoireachta sa teanga. Cuireann na daltaí iad féin in iúl go muiníneach agus is inmholta an foclóir saibhir atá in úsáid acu chun cur síos a dhéanamh ar théamaí éagsúla ó bhéal agus i dtascanna scríofa. Cuireann na daltaí altanna scríbhneoireachta i gcrích le luas ar leith agus is inmholta an chruinneas litríthe a bhaineann leis an obair seo. Cuireann na daltaí obair thionscadail in achair éagsúla an churaclaim i gcrích agus is féidir leo cur síos a dhéanamh ar an obair thionscadail le cumas ar leith. Aithrisíonn na daltaí cnuasach leathan filíochta agus amhránaíochta go bríomhar, tuisceanach. Léiríonn na torthaí sna scrúduithe caighdeánaithe go bhfuil dul chun cinn an-mhaith á dhéanamh ag mórchuid na ndaltaí ó thaobh foclóra, léitheoireachta agus éisteachta de. Tá stráiteisí torthúla i bhfeidhm chun an tuiscint a fhorbairt sa léitheoireacht.

- Sa Bhéarla, tá cumas líofachta, léitheoireachta agus scríbhneoireachta mhórchuid na ndaltaí go han-mhaith agus is féidir leo cur síos bheacht a dhéanamh ar leabhair leabharlainne atá léite acu. Tá cleachtaí scríbhneoireachta i séanraí éagsúla le feiceáil sna cóipleabhair agus ar taispeánt ar fud na scoile. Tá caighdeán mórchuid den obair seo go han-mhaith. Léiríonn na torthaí sna scrúduithe caighdeánaithe go bhfuil ard-caighdeán bainte amach ag tromlach na ndaltaí.
- Ta gnóthachtáil na ndaltaí sa Mhatamaitic go han-mhaith ar an iomlán agus baineann na daltaí úsáid as raon de scileanna chun fadhbanna a réiteach. Is inmholta mar a úsáideann na daltaí na heochairfhocail chúí nuair atá an mhatamaitic mheabhrach ar siúl sa dá sheomra ranga. Léiríonn na torthaí sna scrúduithe caighdeánaithe go bhfuil scóranna an-ard á bhaint amach ag formhór na ndaltaí sa ghné seo den churaclam.
- Tá sár-obair ar siúl ag na daltaí ó thaobh na dramaíochta de. Is féidir leo ról carachtair éagsúla a imirt go muiníneach agus glacann siad páirt sna gníomhaíochtaí go fonnmhar. Glacann an scoil páirt ghníomhach i bhféilte drámaíochta áitiúla agus náisiúnta. Bhuaigh an scoil an chéad duais ag an bhféile scoildramaíochta anuraidh le dráma nua-chumtha a scríobh an fhoireann i gcomhar leis na daltaí.
- Léiríonn na scrúduithe scoil-bhunaithe agus na trialacha diagnósacha éagsúla go bhfuil dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ag gach dalta agus is inmholta an dul chun cinn atá déanta ag roinnt daltaí le riachtanais ar leith ach go háirithe.
- Sna ceistneoirí a dáilíodh ar na daltaí le linn na tuairisce, mheas iomlán na ndaltaí go míníonn an múinteoir dóibh cén dóigh lena gcuid oibre a fheabhsú. Mheas formhór acu go raibh ag éirí go maith leo sa léitheoireacht ach mheas líon áirithe acu nach raibh fhios acu mar a bhí ag éirí leo sa Mhatamaitic. Moltar breis stráitéisí féin-mheasúnaithe chun foghlama a fhorbairt i measc na ndaltaí don Mhatamaitic.

## 2. Cáilíocht an teagaisc

- Baineann sár-caighdeán le cáilíocht an teagaisc, an teagasc do dhaltaí le riachtanais speisialta san áireamh. Tá beirt mhúinteoir i mbun na ranganna príomhshrutha atá ilghrádach. Chomh maith leis sin, bíonn múinteoir tacaíochta foghlama sa scoil ar feadh deich nuair sa tseachtain agus bíonn múinteoir acmhainne ann ar feadh trí huair go leith sa tseachtain. Tugann dhá chúntóir teanga tacaíocht dona daltaí ar feadh cúig huair sa tseachtain chun freastal ar a saibhriú teanga.
- Baintear úsáid as modhanna múinte an-ghníomhach agus an-éifeachtach don teagasc. Déantar an tumoideachas a chur i bhfeidhm sna ranganna sóisir agus baineann sár-éifeacht le teagasc na Gaeilge sa dá rang príomhshrutha. Tá stráitéisí comhair-theagaisc i bhfeidhm d'ábhair éagsúla. Déantar pleanáil oiriúnach don teagasc agus eagraítear na hacmhainní teagaisc go hinmholta. Moltar do na múinteoirí ranga príomhshrutha an phleanáil don ionchur a thugann na cúntóirí teanga a rianú sa phleanáil scoile-uile don Ghaeilge chun soiléireacht a thabhairt maidir leis na spriocanna foghlama atá le sroíchint agus na scileanna atá le forbairt ag gach rang-leibheál.
- Déantar pleanáil an-chuimsitheach do na daltaí le riachtanais foghlama ar leith le spriocanna oiriúnacha foghlama leagtha amach dóibh. Baintear úsáid as modhanna ar leith mar atá molta i dtuairiscí cuí. B'fhiú an chéad chéim den chur chuige chéimnithe ó thaobh tacaíochta ranga a shoiléiriú i bpleanáil na noidí príomhshrutha, do na daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama nó riachtanais ar leith oideachais acu. Cothaítear suíomhanna spreagúla foghlama sna seomraí tacaíochta le flúirse áiseanna ar fáil.
- Mheas iomlán na dtuismitheoirí sna ceistneoirí a dáilíodh go bhfuil an teagasc go maith sa scoil, go raibh siad sásta leis an scoil agus go dtéann an scoil i gcomhairle leo má tá cuidiú breise ag teastáil óna bpáiste.

## 3. Tacaíocht d'fholláine na ndaltaí

- Tá cáilíocht an chúraim agus na tacaíochta a thugtar do dhaltaí go han-mhaith. Cuirtear na téacsleabhair ar fáil do gach dalta sa scoil saor in aisce. Cuirtear lón ar fáil le tacaíocht dheontais ón Roinn Coimirce Soisialaí.

- Tá dea-chumarsáid idir an scoil agus an baile agus cuirtear nuachtlitir ar fáil go míosúil.
- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnu Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnu Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*.

#### 4. Ceannaireacht agus Bainistíocht

- Oibríonn an príomhoide atá ag teagasc go han-ghairmiúil agus léiríonn sí ceannasaíocht an-éifeachtach. Tá tuiscint shoiléir aici ar dhul chun cinn an teagaisc agus na foghlama. Léiríonn sí scoileanna bainistíochta atá oscailte agus tuisceanach. Cruthaíonn sí atmaisféar dearfach tríd an scoil. Spreagann sí baill de phobal na scoile a bheith rannpháirteach i saol na scoile. Eagraítear cruinnithe rialta le foireann teagaisc na scoile.
- Roinntear dualgais chuí leis an oide le dualgais ar leith, de réir tosaíochtaí comhaontaithe. Tugtar faoi chomhlíonadh raon leathan dualgais go dúthrachtach gairmiúil.
- Tá bord bainistíochta an-éifeachtach ag feidhmiú sa scoil. Tá moladh tuillte ag an mbord as an obair atá déanta chun a chinntiú go bhfuil an chóiríocht agus acmhainní scoile ar sár-chaighdeán. Léirígh formhór na dtuismitheoirí sna ceistneoirí go dtuairiscíonn an bord bainistíochta do thuismitheoirí go bliantúil maidir le hobair na scoile.
- Tá na dtuismitheoirí an-ghníomhach i saol na scoile. Cuidíonn siad le foireann na scoile chun maoirseacht a dhéanamh ar na daltaí le linn imeachtaí spóirt agus dramaíochta ach go háirithe. Eagraíonn na dtuismitheoirí feachtais bailiúcháin airgid go rialta chun tacú le hobair na scoile. Sna ceistneoirí a dáileadh, d'aontaigh iomlán na dtuismitheoirí go bhfuil atmaisféar maith sa scoil, go mbraitheann siad go bhfuil fáilte rompu agus go ritear an scoil go maith.

#### 5. Féinmheastóireacht Scoile

- Tá plean trí bliana DEIS curtha le chéile agus spriocanna ar leith curtha i gcrích go h-an-torthúil sa litearthacht agus san uimhearthacht. Tá spriocanna agus gníomhaíochtaí éifeachtacha á gcur i bhfeidhm chun tinreamh na ndaltaí a fheabhsú mar pháirt den phlean DEIS.
- Déantar monatóireacht bhliantúil ar thorthaí na scrúduithe caighdeánaithe agus ar cháilíocht ghnóthachtála na ndaltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht. Léiríonn torthaí na dtástálacha measúnaithe go bhfuil cumais mhórchuid na ndaltaí sa Ghaeilge agus sa Mhatamaitic ag réimsiú ó scóranna maithe go han-mhaith. Tá stráitéisí ar leith i bhfeidhm ag foireann na scoile chun na torthaí i scrúduithe tastálaithe chaighdeánaithe sa Bhéarla a ardú.
- Tá obair an-torthúil ar siúl ó thaobh féin-mheastóireacht scoile de. Rinne na hoidí meastóireacht ar fhoghlaim na ndaltaí agus ar cháilíocht an teagaisc agus leag siad plean feabhsúcháin amach do ghnéithe áirithe den Bhéarla agus den Mhatamaitic. Seoladh ceistneoirí úsáideacha chuig dtuismitheoirí chun a dtuairimí a lorg chomh maith. Tá spriocanna feabhsuithe leagtha amach agus is léir ó thorthaí scoilbhunaithe agus ó bhreathnú an mhúinteora go bhfuil dul chun cinn leanúnach a dhéanamh ag na daltaí mar pháirt den phlean feabhsúcháin scoile. Roinn an bord an tuairisc le pobal na scoile mar is cuí.

#### Críoch

Tá cumas na scoile chun tuilleadh forbartha a dhéanamh go han-mhaith mar go bhfuil cultúr comhthacaíochta agus comhoibrítheach idir an fhoireann agus bord bainistíochta na scoile.

**Aguisín**

**Freagra na scoile ar an Tuairisc**

**Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta**

### **Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

Fáiltíonn Bord Bainistíochta Scoil Bhríde Mín an Chladaigh roimh an tuairisc dearfach seo. Is ábhar áthais agus sásaimh dúinn í agus tá muid thar a bheith sásta.

Tá lúchair orainn go dtugann an tuairisc aitheantas cuí don ard chaighdeán oideachais atá a chur ar fáil san scoil seo, go saothraíonn foireann iomlán na scoile go dúthrachtach ar son leas na ndaltaí agus go bhfuil comhpháirtíocht iontach láidir idir an baile agus an scoil.

### **Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm**

Fáiltíonn an Boird roimh mholtaí na tuairisce maidir le pleanáil don ionchur a thugann na cúntóirí teanga a rianú sa phleanáil scoile-uile don Ghaeilge.

Ghlac an fhoireann teagaisc le seo. Tá pleanáil d'obair na gcuntóirí teanga le feiceáil in ullmhúchán gearr-théarmach na múinteoirí ag déanamh soiléireacht ar na spriocanna foghlama agus na scileanna atá le forbairt ag gach rang leibhéal.